An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

Ceisteanna Coitianta

1. Céard é an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua?

Íocaíocht is ea an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua a dhéantar uair sa bhliain chun cabhrú le costas éide scoile agus coisbhirt do leanaí scoile.

2. Cad iad na coinníollacha cáilitheachta don Liúntas?

Cáileoidh tú don Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua más amhlaidh:

- go bhfuil tú ag fáil íocaíocht cháilitheach (féach ceist 17 ina bhfuil liosta íocaíochtaí cáilitheacha). Ní mór méadú/méaduithe i leith do linbh/do leanaí a bheith á fháil agat, leis,
- go sásaíonn tú tástáil mhaoine.

3. Má cháilím don Liúntas seo, cá mhéad a gheobhaidh mé?

Is iad na rátaí íocaíochta €150 i gcás leanaí idir 4 agus 11 bliana agus €250 i gcás leanaí idir 12 agus 22 bliain .

4. An gá dom cur isteach ar an Liúntas seo?

Ní gá do chách cur isteach ar an Liúntas seo. Íocfaimid an liúntas sa ghnáthchúrsa le custaiméirí a fuair an Liúntas anuraidh agus a bheadh i dteideal an Liúntais sa bhliain 2012, de réir ár dtaifead. Scríobhfaimid chuig na custaiméirí sin sa tseachtain dar tús an 11 Meitheamh agus eiseofar a gcuid íocaíochtaí sa ghnáthchúrsa sa tseachtain dar tús an 16 Iúil 2012. Ní gá ach do dhaoine nach mbeidh litir faighte acu faoin 20 Meitheamh 2012 cur isteach ar an Liúntas trí fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur chugainn.

5. Na custaiméirí sin a íocfar sa ghnáthchúrsa, cathain a fhaighidh siad a gcuid litreacha?

Gach custaiméir a bheidh ag fáil íocaíochta sa ghnáthchúrsa gheobhaidh sí nó sé litir roimh an 20 Meitheamh 2012. Ní gá dóibhsean cur isteach ar an íocaíocht i mbliana.

6. Cathain a dhéanfar na híocaíochtaí sa ghnáthchúrsa?

Déanfar na híocaíochtaí sa ghnáthchúrsa sa tseachtain dar tús an 16 Iúil 2012.

7. Táim ag fáil Sochar Máithreacha nó Sochar Uchtála ach ní fhaighim méadú i leith mo linbh. An gcáileoidh mé don Liúntas seo?

D'fhéadfá cáiliú má shásaíonn tú an tástáil mhaoine. Ba cheart duit cur isteach ar an íocaíocht nuair a bheidh na foirmeacha iarratais ar fáil.

8. Faighim íocaíocht Cuardaitheora Poist ach ní fhaighim méadú i leith mo linbh toisc go bhfuil ioncam mo chéile/mo pháirtnéara ró-ard. An gcáileoidh mé don Liúntas seo?

D'fhéadfá cáiliú dó. Ba cheart duit cur isteach ar an íocaíocht nuair a bheidh na foirmeacha iarratais ar fáil.

9. Beidh foirm iarratais ag teastáil uaim. Cá bhfaighidh mé foirm iarratais?

Muna mbíonn litir faighte agat uainn go luath i mí an Mheithimh ní mór duit iarratas a dhéanamh. Cuirfear foirmeacha iarratais ar fáil nuair a bheidh litir curtha againn chuig gach custaiméir a gheobhaidh íocaíocht sa ghnáthchúrsa.

Ón Aoine an 8^{ú} Meitheamh 2012 beidh tú ábalta foirm iarratais a lorg le téacsteachaireacht agus beidh foirmeacha ar fáil, leis, in oifigí leasa shóisialaigh agus lena n-íoslódáil ónár suíomh Gréasáin www.welfare.ie .

10. Conas a oibríonn an tástáil mhaoine?

Braithfidh d'ioncam seachtainiúil don tástáil mhaoine ar cá mhéad leanaí atá agat agus cibé an tuismitheoir aonair tú. Ríomhaimid d'ioncam seachtainiúil mar phá iomlán (lúide ÁSPC), móide do phríomhíocaíocht leasa shóisialaigh (más ann) agus aon ioncam ó obair mar chúntóir baile (lúide ÁSPC) lúide liúntas taistil €20.00.

11. Cén teorainn ioncaim seachtainiúil a bhainfidh liomsa?

Taispeánann an tábla seo an teorainn ioncaim seachtainiúil don tástáil mhaoine i gcás tuismitheoirí aonair agus lánúineacha a bhfuil suas le 6 leanbh acu.

Teorainneacha Ioncaim don Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua (2012)

Lánúin	Teorainn ioncaim	Tuismitheoirí Aonair	Teorainn ioncaim
Leanbh amháin	€563.60	Leanbh amháin	€410.10
2 leanbh	€593.40	2 leanbh	€439.90
3 leanbh	€623.20	3 leanbh	€469.70
4 leanbh	€653.00	4 leanbh	€499.50*
5 leanbh	€682.80	5 leanbh	€529.30
6 leanbh	€712.60	6 leanbh	€559.10

(Méadaíonn an teorainn de € 29.80 i gcás gach linbh bhreise.)

12. Cá mbaileoidh mé m'íocaíocht?

Beidh íocaíochtaí uathoibritheacha ar fáil ar an tslí chéanna leis an íocaíocht sheachtainiúil. Má chomhlánaíonn tú foirm iarratais, beidh rogha agat idir íocaíocht in oifig an phoist agus íocaíocht isteach i do chuntas bainc.

13. Cá seolfaidh mé an fhoirm iarratais chomhlánaithe?

Seol d'fhoirm iarratais chomhlánaithe agus aon doiciméad tacaíochta chuig:

An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bosca Poist 131
Dún na nGall

Gheofar eolas breise ar www.welfare.ie

14. Nílim sásta le cinneadh na Roinne ar m'iarratas. Cad ba cheart dom a dhéanamh anois?

Is féidir leat athbhreithniú a lorg ón Oifigeach Breithiúnacha ach scríobh chugainn agus a rá linn cén fáth ar cinneadh éagórach é, dar leat. Seo é an seoladh ar cheart scríobh chuige:

An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bosca Poist 131
Dún na nGall

15. Má cháilím don Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua, an ngearrfar cáin air?

Ní ghearrfar. Ní fhéachtar ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua mar ioncam chun críocha cánach ioncaim.

16. Cá bhfaighfidh mé tuilleadh eolais?

Gheofar eolas breise ar an Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua:

- Féach www.welfare.ie – tabharfaimid an suíomh Gréasáin seo chun dáta go rialta le heolas ar amanna próiseála, srl.
- Cuir glao ar d'Ionad Eolas do Shaoránaigh áitiúil nó ar d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh
- Glao Áitiúil 1890 22 44

17. Cad iad na "híocaíochtaí cáilitheachta" a luaitear i gCeist 2?

An Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua – Íocaíochtaí Cáilitheacha

Sochar Uchtála	Íocaíocht Chaomhnóra (Neamhranníocach)	Liúntas Banchéile Príosúnaigh
Pinsean na nDall	Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	Pinsean Stáit (Ranníocaíoch)
Liúntas Cúramóra	Sochar Breoiteachta	Pinsean Stáit (Athrú)
Liúntas Cúramóra	Forlíonadh Éagumais	Pinsean Stáit (Neamhranníocach)
Liúntas Banchéile Tréigthe	Liúntas Cothabhála Galar Aicídeach	Liúntas Leasa Forlíontach
Sochar Banchéile Tréigthe	Pinsean Easláine	Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
Liúntas Míchumais	Liúntas Cuardaitheora Poist	Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
Liúntas Athshlánúcháin an Mhíchumasaigh	Sochar Cuardaitheora Poist	Pinsin arna n-íoc ag an Department of Work and Pensions (UK)
Sochar Míchumais	Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	Gheofar tuilleadh sonraí anseo
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	Sochar Máithreachais	
Cúnamh Feirme	Sochar Díobhálacha Ceirde	
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	Liúntas Réamhscoir	